An tÚdarás Eorpach Saothair

Tiománaithe ar phostú – bí eolach ar do chearta agus ar do dhualgais

Tá na rialacha nua ‘postú tiománaithe’ i bhfeidhm ón 2 Feabhra 2022 i leith

ELA

AN TÚDARÁS EORPACH SAOTHAIR

Is tiománaí ar phostú thú



Má dhéanann tú oibríochtaí iompair ar feadh tréimhse teoranta i mBallstát eile de AE seachas an ceann ina bhfuil d'fhostóir bunaithe, agus go ndéanann tú na hoibríochtaí seo a leanas, is tiománaí ar phostú thú.

- **Cabatáiste.** Níl an fostóir lena bhfuil tú ag obair bunaithe sa Bhallstát ina ndéanann tú oibríochtaí iompair intíre.
- **Trastrádáil.** Oibríochtaí iompair idir dhá Bhallstát, nó idir Ballstát agus tír neamh-AE, agus níl d'fhostóir bunaithe in aon cheann de na tíortha sin.
- **Turas gan lasta.** Turas a dhéantar i dtaca le cabatáiste, nó oibríocht thrastrádála a thagann faoi rialacha postaithe.
- **Comh-oibríochtaí iompair.** Más oibríocht thrastrádála nó chabatáiste í an chéad chuid nó an chuid dheireanach de chomh-oibríocht iompair, ní tiománaí ar phostú thú ach amháin nuair a bhíonn an chéad chuid nó an chuid dheireanach sin á déanamh agat.

I gcás seiceála ar thaobh an bhóthair, ní mór duit na nithe seo a leanas a thaispeáint don chigire:

- cóip den dearbhú postaithe (leagan leictreonach nó páipéir);
- fianaise ar oibríocht/oibríochtaí iompair atá ar siúl sa Ballstát óstach (e.g. nóta coinsíneachta); agus
- taifid tacagraif.

Ní mór do d'fhostóir a áirithiú go bhfuil na doiciméid cothrom le dáta sin ar fáil duit.

Cén luach saothair agus dálaí oibre eile a bhfuil tú i dteideal a fháil?

Má tá an luach saothair foriomlán agus na dálaí oibre foriomlána níos fearr sa tír ina bhfuil tú ar phostú ná sa tír ina bhfuil d'fhostóir bunaithe, tá tú i dteideal leibhéal luach saothair níos airde agus dalaí oibre

níos fearr. Mura bhfuil an leibhéal níos airde, tá feidhm ag rialacha na tíre bunaíochta.

Ní tiománaí ar phostú thú

Má dhéanann tú aon cheann de na hoibríochtaí iompair seo a leanas, ní tiománaí ar phostú thú.

- **Oibríocht dhéthaobhach.** Earraí a iompar ón mBallstát ina bhfuil d'fhostóir bunaithe go tír eile (laistigh nó lasmuigh den AE), nó filleadh ó aon tír eile (laistigh nó lasmuigh den AE) go dtí an Ballstát ina bhfuil d'fhostóir bunaithe.
- **Gníomhaíochtaí teoranta breise luchtaithe agus/nó díluchtaithe.** Sna Ballstáit nó i dtíortha neamh-AE a thrasnaítear agus oibríocht dhéthaobhach á cur i gcrích.
- **Idirthuras.** Ballstát a thrasnú gan aon luchtú ná díluchtú.
- **Turas gan lasta.** Má dhéantar do thuras i gcomhcheangal le hoibríocht dhéthaobhach
- **Comh-oibríochtaí iompair.** Más oibríocht thrastrádála í an chéad chuid nó an chuid dheireanach de chomh-oibríocht iompair, ní tiománaí ar phostú thú ach amháin nuair a bhíonn an chéad chuid nó an chuid dheireanach sin á déanamh agat.

Cén luach saothair agus dálaí oibre a bhfuil tú i dteideal a fháil?

Sa chás nach tiománaí ar phostú thú, beidh feidhm ag leibhéil luach saothair agus dalaí oibre an Bhallstáit ina bhfuil d'fhostóir bunaithe.



AN TÚDARÁS EORPACH SAOTHAIR

An tÚdarás Eorpach Saothair

Landererova 12, 811 09
An Bhratasláiv - An tSlóvaic
info@ela.europa.eu

www.ela.europa.eu

Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag
Your Europe Portal

© An tÚdarás Eorpach Saothair, 2022

Níl an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA) ná aon duine a ghníomhaíonn thar ceann ELA freagrach as úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis sa doiciméad seo.

Tá atáirgeadh údaraithe ar choinníoll go dtugtar admháil i leith an fhoinse. Chun aon ghrianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart ELA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Cóipcheart íomhánna: © iStock.com/Hilch

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022

Print ISBN 978-92-9464-232-5 doi:10.2883/986956 HP-01-22-237-GA-C

PDF ISBN 978-92-9464-204-2 doi:10.2883/596829 HP-01-22-237-GA-N